An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Curaclam Nua na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

## An Fhaisnéis a Theastaíonn ó Thuismitheoirí

### Cad atá i gCuraclam na Bunscoile?

Leagtar amach sa churaclam cad ba cheart do leanaí foghlaim agus conas a fhoghlaimeoidh siad ar fud na gceithre chéim den bhunscoil:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Rang na Naíonán Sóisearach agus Sinsearach | Céim 2: Rang 1 agus Rang 2 | Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 | Céim 4: Rang 5 agus Rang 6 |

### Cén fáth a bhfuil curaclam nua ann?

Ba sa bhliain 1999 a rinneadh an nuashonrú iomlán roimhe. Tá athrú mór tagtha ar sheomraí ranga agus ar an tsochaí araon ó shin i leith. Leis an gcuraclam nua, tugtar an tús is fearr do leanaí, agus leagtar bunchloch láidir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

### Cad atá nua sa churaclam?

Ba iad leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile, saineolaithe oideachais agus taighdeoirí a mhúnlaigh an curaclam nua. Seo a leanas an fhís atá aige, mar atá leagtha amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile 2023*:

- An tús is fearr is féidir a thabhairt do do leanbh, ag cabhrú leis/léi fás, foghlaim agus bláthú
- Tacú le do leanbh barr a c(h)umais a bhaint amach.
- Féachaint ar gach leanbh mar dhuine atá uathúil, ábalta agus comhbhách.
- A aithint go bhfuil sé de cheart ag gach leanbh dul chun cinn a dhéanamh agus forbairt i ngach réimse dá gcuid foghlama agus fáis.

### Cé na príomhinniúlachtaí a fhorbróidh mo leanbh?

Is ar sheacht bpríomhinniúlacht do leanaí a dhírítear i gCuraclam na Bunscoile. Is iad sin an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a chabhraíonn leo foghlaim agus fás. Léiríonn siad conas a fhorbraíonn do leanbh scileanna saoil tábhachtacha trí gach rud a dhéanann sé/sí ar scoil, idir cheachtanna spraíúla tarraingteacha, obair le daoine eile agus eispéiris laethúla.









## Cad a fhoghlaimeoidh mo leanbh?

- **Teanga:** Triú teanga a fhoghlaim ag leibhéal simplí, mar aon le Béarla agus Gaeilge. Ó Rang 3, iniúchfaidh do leanbh teangacha agus cultúir. Ó Rang 5, tosóidh do leanbh Nuatheanga Iasachta ag leibhéal bunúsach.
- **Oideachas Ealaíon:** Iniúchfaidh do leanbh Ealaín, Ceol, Drámaíocht agus foirmeacha eile ealaíne. Foghlaimeoidh do leanbh faoi chultúr na hÉireann agus faoi chultúir ar fud an domhain.
- **Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM):** Foghlaimeoidh do leanbh conas ceisteanna a chur, fadhbanna a réiteach, agus STEM a úsáid sa ghnáthshaol laethúil.
- **Oideachas Sóisialta agus Imshaoil:** Foghlaimeoidh do leanbh faoi Éirinn agus faoin domhan, trí Stair agus Tíreolaíocht agus trí reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha a iniúchadh. Foghlaimeoidh do leanbh freisin faoin nasc atá ann idir daoine agus an t-imshaol.
- **Folláine:** I gCorpoideachas, coinneoidh do leanbh gníomhach agus forbróidh sé/sí nósanna sláintiúla. In Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), foghlaimeoidh do leanbh conas réiteach go maith le daoine eile, é/í féin a thuiscint, agus coinneáil sláintiúil agus sábháilte.

Teagascann scoileanna Clár Pátrúin freisin, rud a socraíonn pátrún na scoile é (an comhlacht a bhunaigh an scoil agus a oibríonn í).

## Conas a thabharfar an curaclam isteach?

Tabharfar an curaclam isteach de réir a chéile. Ó mhí Mheán Fómhair 2026, cuirfidh scoileanna réimse curaclaim nua amháin leis gach bliain go dtí go mbeidh na réimsí uile i bhfeidhm. Tógfaidh sé sin thart ar 6 bliana-7 mbliana.

## An bhfaighidh múinteoir mo linbh aon oiliúint?

Gheobhaidh. Foghlaimeoidh múinteoirí modhanna nua teagaisc agus glacfaidh siad páirt i gcúrsaí chun tacú leis sin. Cuirfidh an scoil in iúl duit cén uair a bheidh an oiliúint sin ar siúl. Uaireanta, is féidir go mbeidh ar scoileanna dúnadh ar feadh tamaillín le linn do mhúinteoirí páirt a ghlacadh in oiliúint. Cabhróidh an oiliúint sin le heispéireas foghlama níos fearr a thabhairt do do leanbh.

## Cén fáth a bhfuil tuismitheoirí tábhachtach?

Leis an gcuraclam nua, spreagtar comhpháirtíochtaí láidre idir tuismitheoirí agus scoileanna. Nuair a oibríonn teaghlaigh agus scoileanna le chéile, éiríonn níos fearr le leanaí.

Cabhraíonn dea-chumarsáid leat féin agus le múinteoir do linbh smaointe a chomhroinnt, tacú leis an bhfoghlaim, agus coinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn do linbh.

Cuirfear leideanna agus gníomhaíochtaí praiticiúla ar fáil duit chun tacú le do leanbh sa bhaile ar fud na réimsí foghlama uile.

Scan the QR code

## Ar mhaith leat tuilleadh faisnéise a fháil?

Cad agus Conas a Fhoghlaimíonn Leanaí i mBunscoil agus Scoil Speisialta agus Cén Fáth - Faisnéis do Thuismitheoirí

click